# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Teicneolaíocht Fheidhmeach

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

2025.S69T

2025J125C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2025

# Teicneolaíocht Fheidhmeach

## Comhleibhéal

## Dé Luain 16 Meitheamh    Maidin 9:30 - 11:00

120 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Freagair gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó dubh. Tá cead agat peann luaidhe a úsáid le haghaidh sceitsí amháin.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna a chuirtear ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise ag cúl an leabhráin. Cuir lipéad ar obair bhreise dá leithéid go soiléir le huimhir agus cuid na ceiste.
Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus cuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora ar scáileán. Is féidir nach bhfeicfeadh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhann tú lasmuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

## Aitheantais

Grafaic C1(a)(i) leathanach 3.

https://www.stageengage.com/hire-shop/p/bubble-machine

https://www.adaptivetechsolutions.com/pd-gazillion-hurricane-bubble-blower-switch-adapted-toy/

Grafaic C1(a)(iii) leathanach 3.

https://www.desertcart.ie/products/137389556-top-bright-activity-cube-baby-toy-for-1-year-old-boy-and-girl-gift-toddler-toys-for-one-year-old-present

Grafaic C2(a)(i) leathanach 8.

https://www.autoevolution.com/news/red-bull-rb19-f1-car-breaks-cover-and-max-verstappen-cant-tell-it-apart-from-the-rb18-209741.html#agal_0

Grafaic C2(b)(i) leathanach 8.

https://www.thetoyshop.com/transport-toys/remote-control/rc-cars/Extreme-360-RC-Stunt-Double---Side-Roll-Car---Green/p/548079

Grafaic C3(a) leathanach 14.
https://www.collectorsweekly.com/articles/ancient-androids/

Grafaic C3(b)(i) leathanach 14.
https://www.plasticsnews.com/article/20151013/NEWS/151019963/the-plastic-bionic-ants-go-marching

Grafaic C3(c)(iii) leathanach 16.

https://www.amazon.com/EBL-Batteries-Rechargeable-Battery-Charger/dp/B00HV4KFSA

**Ceist 1**

**(a)** Taispeántar meaisín bréagáin boilgeoige.




Meaisín boilgeoige

**(i)** Luaigh **dhá** ghné shábháilteachta a bhaineann le bréagáin dá leithéid.

| |
|---|
| Gné 1/2: gan ciumhaiseanna géara, 1✓ 1✓ |
| gan tuaslagán/péint nimhiúil, gan páirteanna |
| scaoilte, Déantar tagairt do na rudaí seo a leanas: |
| meicníocht, tithíocht nó córas leictreach. |

**(ii)** Úsáidtear plaistigh go coitianta i monarú gnáth-tháirgí.
Cuir in iúl le tic (✓) cé acu atá gach ceann de na ráitis seo a leanas fíor **nó** bréagach.


| Ráiteas | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| Is féidir teirmeaplaistigh a athdheilbhiú nuair a bhíonn siad téite | 1✓ | |
| Is plaisteach teirmithéachtach é aicrileach | | 1✓ |
| Seasann PVC do Polyvinyl Chloride | 1✓ | |
| Déantar buidéil dí i gcoitinne as plaisteach den chineál PET | 1✓ | |

**(iii)** Liostaigh **dhá** rud thábhachtacha nach mór do dhearthóir a chur san áireamh nuair a bhíonn bréagáin á ndearadh do leanaí an-óga.



| |
|---|
| 1/2: dathanna tarraingteacha / fuaim / |
| páirteanna gluaisteacha atá inrochtana, |
| láidir, éasca le glanadh, oideachasúil, |
| sábháilteacht, oiriúnach d'aois, srl. |
| 1✓ 1✓ |
| |
| |
| |


**(b)** Taispeántar amharc tosaigh agus amharc cúil de dhearadh mic léinn le haghaidh séidire boilgeog.
As crua-adhmad atá an príomhcholún agus an bonn déanta.




**(i)** Ainmnigh crua-adhmad oiriúnach agus tabhair cúis le do rogha.

| | |
|---|---|
| 1✓ | Crua-adhmad: aon chúis bhailí |
| | Cúis: marthanach, dath, |
| 2✓ | tarraingteach, éasca le múinlúi |

**(ii)** Déantar an múnla (*plug* i mBéarla) a úsáidtear chun folúsfhoirmiú a dhéanamh ar an trach a choinníonn an tuaslagán boilgeoige as MDF (i mBéarla).



Múnla MDF

Cad dó a seasann na litreacha MDF (i mBéarla)?

| | | |
|---|---|---|
| **M: Meán** 1✓ | **D: Dlús** 1✓ | **F: Clár snáithíneach** 1✓ |

**(iii)** Sa spás thíos, bain úsáid as nótaí agus sceitsí agus déan cur síos ar an bpróiseas is gá chun an múnla a dhéanamh as **trí** shraith de MDF.

Sceitse

Próiseas x 2 :

*SMD a ghearradh de réir méide,*

*Brait a ghliúáil,*

*Brait a ghreanáil (a mhúnlú),*

*An phlocóid a chríochnú (a phéinteáil)*


*2 sceitse* *& 1 phróiseas*

*nó* 2✓ + 1✓ 2✓

*2 phróiseas :* *& 1 sceitse*

**(iv)** Is casta iad an cruth agus na sonraí atá ag an 'liach' rothlach, atá déanta as aicrileach.

Ainmnigh meaisín oiriúnach ríomhrialaithe a d'fhéadfaí a úsáid chun an cruth seo a ghearradh amach agus déan cur síos achomair ar an bpróiseas.




Liach aicrileach

| |
|---|
| Ainm an mheaisín: Gearrthóir léasair, 1✓ |
| Cuasphlána RRU / meaisín muilleála |
| Próiseas: 2 chéim bhailí 1✓ 1✓ |
| |

**(c)** Rothlaíonn giar tiomáinte deiridh na giarshraithe a thaispeántar an liach. Tá 10 bhfiacail ag na giaranna is lú agus 50 fiacail ag na giaranna is mó.

**(i)** Úsáid an fhoirmle thíos agus ríomh Cóimheas Luais (VR i mBéarla) na giarshraithe seo.




Giarshraith iolrach

$$VR = \frac{\text{Líon na bhfiacla ar an ngiar tiomáinte}}{\text{Líon na bhfiacla ar an tiomántóir}} \text{ X } \frac{\text{Líon na bhfiacla ar an ngiar tiomáinte}}{\text{Líon na bhfiacla ar an tiomántóir}}$$

Ríomh: (50 ÷ 10) × (50 ÷ 10) [1 mk]

= 5 ×5

= 25 2✓

Freagra _________

**(ii)** Má chasann seafta an mhótair ag 500 ISN, ríomh luas rothlach na léiche.

Ríomh: 500 ÷ 25 [1mk]

= 20 (RPM) 2✓

Freagra _________

**(d)** **(i)** Sa spás a chuirtear ar fáil, déan cur síos, agus sceitsí mar chabhair agat, ar mhodh oiriúnach chun an colún agus an bonn adhmaid a nascadh le chéile.



Colún agus bonn adhmaid

Sceitse

Modh :

*Marcáil,*

*Druileáil,*

*Scriúáil / Dualbhata / Gliúáil*

*2 sceitse* *& 1 phróiseas*

*Nó* 1✓ + 1✓ 1✓


*2 phróiseas :* *& 1 sceitse*

**(ii)** Ainmnigh bailchríoch oiriúnach chosanta don adhmad agus déan cur síos go hachomair ar **dhá** phróiseas is gá chun an t-adhmad a ullmhú don bhailchríoch sin.

| |
|---|
| Bailchríoch chosanta: vearnais / laicear / ola / ruaim / péint 1✓ |
| Próiseas 1/2: dhá phróiseas bhailí, greanáil, glanadh/dustáil 1✓ + 1✓ |
| |
| |
| |

**(iii)** Ainmnigh meaisín oiriúnach lena úsáid chun poll á dhruileáil don mhótar agus liostaigh **dhá** réamhchúram ba cheart a chomhlíonadh agus an meaisín seo á úsáid.


Poll don mhótar



Colún adhmaid


| |
|---|
| Ainm an mheaisín: Druilire colúin/láimhe, 1✓ |
| Réamhchúram 1/2: dhá réamhchúram bhailí 1✓ 1✓ |
| Spéaclaí sábháilteachta, ceangail gruaig siar |
| / ná caith éadaí scaoilte, clampa, srl. |
| |


**(e)** Tarraing na **trí** shreang is gá chun comhbhaill an chiorcaid rialaithe a nascadh d'fhonn an séidire boilgeog a oibriú.




**(f)** **(i)** Taispeántar an painéal aicrileach suite don lasc air/as.

Sa spás thíos déan sceitse den fhorbairt chríochnaithe (patrún comhréidh) don phainéal seo agus taispeáin na poill agus na línte lúbtha go léir.





Amharc cothrom 1✓

Ciumhaiseanna cuartha 1✓

2 pholl 1✓

Línte fillte (3) 1✓

**(ii)** Uimhrigh na céimeanna seo a leanas ina seicheamh (ord) ceart chun bailchríoch de cháilíocht mhaith a tháirgeadh ar chiumhaiseanna an phainéil laisce. Tá an chéad chéim uimhrithe duit.

| Céimeanna sa phróiseas | Ord |
|---|---|
| Cuimil na ciumhaiseanna go léir go teann le holann chruach de ghrád mín | Céim 2 1✓ |
| Sciomair na ciumhaiseanna agus éadach agus snasán oiriúnach á n-úsáid | Céim 3 1✓ |
| Greanáil na ciumhaiseanna go léir le greanpháipéar oiriúnach | **1** |

**Ceist 2**

Deartar carranna nua-aimseartha Foirmle 1 chun oibriú ag leibhéal feidhmíochta an-ard.

Tá aeraidinimic agus meáchanlár íseal ar dhá cheann de na gnéithe tábhachtacha a bhaineann le dearadh carranna Foirmle 1.




Carr Foirmle 1 RB19 2023

**(a)** **(i)** Mínigh na téarmaí seo a leanas.

| |
|---|
| Aeraidinimic: friotaíocht aeir íseal / cruth a laghdaíonn cúltarraingt ó aer gluaisteach 2✓ |
| |
| Meáchanlár íseal: Meáchanlár íseal: tá mais an chairr íseal (go dtí an talamh) / |
| pointe cothromaíochta gar don talamh 2✓ |

**(ii)** Is as snáithín carbóin comhchodach a dhéantar cabhail cairr Foirmle 1 go tipiciúil. Liostaigh **dhá** airí de chuid snáithín carbóin a dhéanann oiriúnach é don chuspóir sin.

| |
|---|
| Airí 1: éadrom, láidir, friotaíocht in aghaidh ceimiceán/creimeadh, is féidir é a mhúnlú, srl. |
| Airí 2: docht, cóimheas ard láidreacht agus meáchan, srl. 1✓ 1✓ |

**(b)** Is foinse caitheamh aimsire iad bréagáin RC a bhfuil an-tóir orthu ag an uile aois.




**(i)** Cad dó a seasann na litreacha RC (i mBéarla)?

| | |
|---|---|
| **R: raidió / cian** 1✓ | **C: rialú** 1✓ |

**(ii)** Ainmnigh feiste **amháin** eile a úsáideann teicneolaíocht RC.

| |
|---|
| Feiste: dróin / muinisin / róbait / bréagáin eile / carr gealaí mars, srl. 1✓ |
| |

**(c)** Taispeántar dearadh mic léinn le haghaidh carr bréagáin innealta le stiúradh láimhe.
Tá rialú gluaisne ar aghaidh agus ar gcúl ag an gcarr agus ceannsoilse LED a oibríonn go huathoibríoch nuair a bhíonn solas íseal ann.





**(i)** Úsáid tic (✓) chun an cineál laisce a úsáidtear le haghaidh rialú an mhótair a chur in iúl.

| | |
|---|---|
| DPST | |
| DPDT | 1✓ |
| SPDT | |

**(ii)** Úsáideann an córas stiúrtha meicníocht dhá pháirt mar a thaispeántar.

Ainmnigh an mheicníocht.

| | |
|---|---|
| Ainm: Raca & pinniún 1✓ + 1✓ | |
| | |



Córas stiúrtha


**(iii)** Athraíonn an comhbhall **A** cineál amháin gluaisne ina chineál eile gluaisne ag comhbhall **B**.

Ainmnigh **gach** cineál gluaisne.

| | |
|---|---|
| Gluaisne ag **A**: rothlach 1✓ | Gluaisne ag **B**: líneach 1✓ |


**(iv)** Úsáidtear cúpláil speisialta chun an colún stiúrtha a nascadh leis an meicníocht stiúrtha. Tugtar Alt Uilíoch uirthi sin.

Mínigh cén fáth gur cuid riachtanach den chóras stiúrtha é an t-alt seo.




| |
|---|
| Freagra: Freagra oiriúnach - mar níl an roth stiúrtha ar aon líne le giar pionna **2✓** |
| tá gluaiseacht rothlach idir dhá tua (colún stiúrtha & giar pionna) atá |
| claonta dá chéile), gluaiseacht dhíreach ar uillinn |

**(v)** Cóimeáltar an mheicníocht stiúrtha agus cineál sainiúil cnó á úsáid, mar a thaispeántar.
Ainmnigh an cineál cnó seo agus mínigh cén fáth a n-úsáidtear é sa suíomh sin.





Cóimeáil na meicníochta stiúrtha

| |
|---|
| Cineál cnó:g laschnó, glaschnó níolóin **2✓** |
| Míniú ar an gcúis a n-úsáidtear an cineál seo cnó: Stadann sé na páirteacha titim |
| as a chéile (scaoileadh) **1✓** |
| |

**(d)** **(i)** Mar chuid den chiorcad rialaithe don soilsiú uathoibríoch, treocheanglaítear na ceannsoilse LED.

San íomhá thall, sceitseáil isteach an **dá** chónasc sreinge is gá chun na LEDanna a threocheangal.





**(ii)** Úsáidtear LDR mar ionchur don chiorcad braite chun na LEDanna a lascadh air nuair a bhíonn na leibhéil solais íseal.
Cad dó a seasann na litreacha LDR (i mBéarla)?

| | | |
|---|---|---|
| **L: Solas** 1✓ | **D: Spleách** 1✓ | **R: Friotóir** 1✓ |






**(iii)** Úsáidtear bataire chun an ciorcad soilsithe a chumhachtú.
Ainmnigh tiontú fuinnimh a tharlaíonn nuair a lasctar air an ciorcad soilsithe.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ó | Ceimiceach /Leictreach 1✓ | Go | Teas / Solas 1✓ |

**(iv)** Taispeántar thíos an clár ciorcaid don chiorcad soilsithe.
Críochnaigh an tábla thall agus cuir in iúl suíomh gach ceann de na comhbhaill ar an gclár ciorcaid.
Tá trí chomhbhall críochnaithe duit.




Clár Ciorcaid Priontáilte

| **Comhbhall** | **Suíomh** |
|---|---|
|  | E 1✓ |
|  | **B** |
|  | **A** |
|  | F 1✓ |
|  | G 1✓ |
|  | **D** |
|  | C 1✓ |

**(e)** **(i)** Ainmnigh próiseas oiriúnach ríomhchuidithe a d’fhéadfaí a úsáid chun an roth stiúrtha plaisteach a tháirgeadh.



Roth stiúrtha plaisteach

| |
|---|
| Próiseas: Priontáil 3T 1✓ |

**(ii)** Is sampla é an roth stiúrtha de struchtúr blaoscach.

Liostaigh **dhá** shampla eile de struchtúr blaoscach.

.

| |
|---|
| Sampla 1:samplaí bailí ar bith - cruinneacháin, sliogáin (plandaí agus ainmhithe), 1✓ |
| Sampla 2:l iathróid, bosca lóin, srl 1✓ |

**(iii)** Ainmnigh an meaisín a úsáidtear chun an suíochán plaisteach a lúbadh agus déan cur síos go hachomair ar **thrí** céim sa phróiseas lúbtha.


| |
|---|
| Meaisín: Stialltéitheoir, lúbaire líne 2✓ |

| |
|---|
| Céim 1: 3 chéim leanúnacha bhailí (3 x 1) 1✓ |
| |
| Céim 2: 1✓ |
| |
| Céim 3: 1✓ |
| |



Suíochán plaisteach

**(f)** Is bealach eile é Geataí Loighce a úsáid chun an soilsiú uathoibríoch LED a rialú. Taispeántar sa bhloicléaráid thíos an córas rialaithe agus ionchuir dhifriúla na leibhéal loighce.





**(i)** Ainmnigh na Geataí Loighce ag A agus B.

| | | |
|---|---|---|
| Geata Loighce A | NÍ | 1✓ |
| Geata Loighce B | AGUS | 1✓ |

**(ii)** Tarraing an tsiombail le haghaidh Gheata Loighce B agus críochnaigh an Tábla Fírinne don gheata sin.


Siombail Gheata Loighce B





2✓

| Ionchur 1 | Ionchur 2 | Aschur |
|---|---|---|
| 1 | **1** 1✓ | 1 |
| **1** 1✓ | 0 | 0 |
| 0 | **1** 1✓ | 0 |
| 0 | 0 | 0 |

**(g)** Sa spás thall, sceitseáil ingearchló den chuid den alt uilíoch a thaispeántar, nuair a fhéachtar air sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.



Amharc ceart 1✓

Barr 1✓

Cabhail 1✓

Oscailt 1✓

**Ceist 3**


Leis na céadta bliain, bhí turgnaimh á ndéanamh ag daoine sa róbataic. Ní raibh sna chéad róbait ach déantúsáin mheicniúla ar a dtugtar uathoibreáin. Ceapadh an t-uathoibreán atá sa phictiúr chun líníochtaí sainiúla a dhéanamh arís agus arís eile.



**(a)** Tabhair breac-chuntas ar bhealach **amháin** inar athraigh an róbataic an tionsclaíocht le blianta beaga.

| |
|---|
| Freagra: aon fhreagra bailí 2✓ |
| Sábháilteacht, cáilíocht níos fearr, |
| tascanna contúirteacha, Ráta méadaithe |
| do tháirgeadh, Costas níos ísle do |
| tháirgeadh, éifeachtúlacht, |
| Tascanna cruinne casta, srl. |

**(b)** Tá seangán bitheonach cruthaithe ag an gcuideachta Ghearmánach Festo, mar chuid dá gcuid oibre i réimse na Bithaithrise (biomimicry i mBéarla). Tá riar maith cuideachtaí innealtóireachta gafa ag bithaithris mar a ndéanann siad taighde ar conas a ghluaiseann, a shnámhann, a loingsíonn, a eitlíonn créatúir, agus mar sin de.
Déanann cuideachtaí iarracht é sin a atáirgeadh i mbeochantrónaic de dhéantús an duine.





Ainmnigh dul chun cinn teicneolaíoch **amháin** trínar féidir feithidí róbatacha a tháirgeadh amhail an ceann a thaispeántar thuas.

| |
|---|
| Freagra: ábhair chliste, sliseanna níos lú, déantús meaisín ar scála beag, 1✓ |
| Priontáil 3T , nanaitheicneolaíocht, srl. |


**(c)** Taispeántar réiteach ar choimre dearaidh mic léinn le haghaidh feithid bheochantrónaic. Úsáideann an réiteach mótar, giarbhosca, agus trí chromfhearsaid. Tiomáineann an mótar agus an giarbhosca cromfhearsaid amháin.

Is é atá mar thoradh ná gluaisne ar aghaidh nó ar gcúl áit a mbíonn an phríomhchabhail agus na taobhthacaí ag éirí agus ag titim i gcónaí de réir mar a bhogann an fheithid.

Taispeántar conair na gluaiseachta thíos.





Conair ghluaiseachta ar aghaidh na feithide



**(i)** Mol dromchla oiriúnach chun an fheithid seo a chur ag oibriú air agus tabhair cúis le do rogha.


| |
|---|
| Dromchla oiriúnach: 1✓ |
| Dromchla neamhsciorrach ar bith |
| Cúis: Frithchuimilt / greim 2✓ |
| |
| |
| |
| |
| |



Amharc cúil a thaispeánann an rialú mótair

**(ii)** Ainmnigh an mheicníocht tiomána a thaispeántar agus tabhair **dhá** chúis lena roghnú sa dearadh seo.

| |
|---|
| Ainm na meicníochta: **2✓ + 1✓** |
| péiste agus roth (péiste) |
| Cúis 1/2: Torc, méid, spás, laghdú luais mór, |
| réaltacht fhíorúil, gluaisne go 90°, |
| meicníocht ghlais, Is féidir é a úsáid san |
| contrártha, srl. **1✓ + 1✓** |



Meicníocht tiomána

**(iii)** Beartaíodh an fheithid a chumhachtú agus úsáid á baint as batairí in-athluchtaithe.

Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le batairí in-athluchtaithe a úsáid thar batairí caighdeánacha aon-úsáide.

| |
|---|
| Buntáiste 1/2: **2✓ + 2✓** |
| Dhá fhreagra bailí ar bith, |
| timpeallacht, costas, srl. |
| |




Bataiří in-athluchtaithe

**(d)** **(i)** Mol clár monaraithe oiriúnach as a ndéanfaí na taobhthacaí.



Taobhthaca

| |
|---|
| Clár monaraithe:Clár snáithíneach, Sraithadhmad, |
| MDF, srl. 1✓ |

**(ii)** Sa spás thíos déan cur síos, agus sceitsí mar chabhair agat, ar na próisis atá i gceist i ngearradh amach agus i ndeilbhiú taobhthaca.

Próiseas:

*Sceitse x 2,*

*Marcáil,*

*Gearradh,*

*Bailchríochnú,*

*Druileáil*


*2 sceitse* *& 1 phróiseas*

*nó* 2✓ + 1✓ 2✓

*2 phróiseas :* *& 1 sceitse*

**(iii)** Ainmnigh meaisín nó uirlis a d'fhéadfaí a úsáid chun an sliotán dronuilleogach sa phainéal rialaithe aicrileach a ghearradh amach.

| |
|---|
| Meaisín nó uirlis: Léasar, cuasphlána RRU, druilire |
| & líomhán, Sábh (Crinnsábh, Scrollsábh, 2✓ |
| cóipeála, Sábh treáite, Preabshábh) |



Painéal rialaithe aicrileach

**(e)** **(i)** Caithfidh dóthain fórsa casta a bheith ag an gcromfhearsaid tiomána, atá aibhsithe thíos, chun an fheithid a bhogadh.


Cén t-ainm atá ar an bhfórsa casta seo?

| Ainm: torc, toirsiún 1✓ |
|---|

**(ii)** Ainmnigh meaisín nó uirlis a úsáideann an fórsa céanna seo agus é ag oibriú.

| Meaisín nó uirlis: rud ar bith atá bailí: 1✓ |
|---|
| rinse, scriúire, castaire, srl. |

Cromfhearsaid tiomána



Amharc íochtair ar an bhfeithid

**(iii)** Tá 40 fiacail ag príomhghiar na meicníochta tiomána. Is é 2000 ISN luas an mhótair.

Ríomh luas rothlach an phríomhghiair.


Ríomh:

2000 ÷ 40 [1mk]

= 50 (RPM

2✓

Freagra ____________



Príomhghiar
40 fiacail

Spás breise scríbhneoireachta

Lipéadaigh gach píosa oibre go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

# Teicneolaíocht Fheidhmeach

Dé Luain 16 Meitheamh

Maidin 9:30 - 11:00